

Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Rayonen sad Lukovit – an Bhulgáir) – VB v Glavna direksia “Pozharna bezopasnost i zashtita na naselenieto”

(Cás C-262/20) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Eagrú ama oibre – Treoir 2003/88/CE – Airteagal 8 – Airteagal 12(a) – Airteagail 20 agus 31 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Laghdú ar ghnáthfhad na hoibre oíche i gcomparáid le gnáthfhad na hoibre lae – Oibrithe san earnáil phoiblí agus oibrithe san earnáil phríobháideach – Cóir chomhionann)

(2022/C 165/07)

Teanga an cháis: an Bhulgáiris

An chúirt a rinne an tarchur

Rayonen sad Lukovit

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: VB

Cosantóir: Glavna direksia “Pozharna bezopasnost i zashtita na naselenieto”

An chuid oibríochtúil

- 1) Ní mór Airteagal 8 agus Airteagal 12(a) de Threoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre a léirmhíniú sa chiall nach gceanglaítear leo rialacháin náisiúnta a ghlacadh lena bhforáiltear do ghnáthuaireanta oibre oíche d'oibrithe san earnáil phoiblí, amhail póilíní agus comhraiceoirí dóiteáin, níos giorra ná gnáthuaireanta oibre lae dá bhforáiltear dóibh. Ní mór d'oibrithe den sórt sin ar aon nós leas a bhaint as bearta cosantacha eile maidir le huaireanta oibre, pá, liúntais nó buntáistí comhchosúla, rud a fhágann gur féidir cúiteamh a dhéanamh as an gcruatan ar leith a bhaineann leis an obair oíche a dhéanann siad.
- 2) Ní mór Airteagal 20 agus 31 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léirmhíniú sa chiall nach gcuireann siad i gcoinne é nach bhfuil feidhm ag na gnáthuaireanta oibre oíche, arna sócrú ag seacht n-uair an chloig i reachtaíocht Bhallstáit, d'oibrithe san earnáil phríobháideach maidir le hoibrithe san earnáil phoiblí, nach bhfuil feidhm acu maidir le hoibrithe san earnáil phoiblí, lena n-áirítear póilíní agus comhraiceoirí dóiteáin, má tá an difríocht sa chaoi ina gcaitear leo bunaithe ar chritéar oibiachtúil agus réasúnach, i.e. go mbaineann sé le haidhm atá ceadaithe de réir dlí agus a shaothraíonn an reachtaíocht sin, agus go bhfuil sé comhréireach leis an aidhm sin.

⁽¹⁾ IO C 279, 24.08.2020

Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal du travail francophone de Bruxelles – an Bheilg) – CO agus páirtithe eile v MJ, an Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, Comhairle an Aontais Eorpaigh, Eulex Kosovo

(Cás C-283/20) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) – Misean “Smacht Reachta” an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (Eulex Kosovo) – Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES – Airteagal 8(3) agus (5), Airteagal 9(3) agus Airteagal 10(3) – Stádas fhostóir na foirne misin – Airteagal 16(5) – Seacháíocht)

(2022/C 165/08)

Teanga an cháis: an Fhraincis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal du travail francophone de Bruxelles

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: CO agus páirtithe eile

Cosantóirí: MJ, An Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, Comhairle an Aontais Eorpaigh, Eulex Kosovo